Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2017**
**(OR. en)**

**8654/17**

**COSI 85**
**ENFOPOL 203**
**CRIMORG 90**
**ENFOCUSTOM 109**
**CYBER 64**
**JAI 377**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8420/2/17 REV 2 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos don chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí idir 2018 agus 2021 |

De thoradh an phlé a rinneadh ag cruinniú Ghrúpa Tacaíochta an Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach ar an 12 Bealtaine 2017, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos don chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí idir 2018 agus 2021, a chuirfear faoi bhráid COREPER/na Comhairle lena nglacadh.

## DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TOSAÍOCHTAÍ AN AONTAIS A LEAGAN SÍOS DON CHOMHRAC I gCOINNE NA COIREACHTA IDIRNÁISIÚNTA EAGRAITHE TROMCHÚISÍ IDIR 2018 AGUS 2021

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI gur cuireadh timthriall beartais tosaigh, laghdaithe an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach chun feidhme idir 2012 agus 2013 bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais maidir leis an gcoireacht, a chomhaontaigh an Chomhairle ar an 9-10 Meitheamh 2011[1], agus gur tháinig timthriall lánfheidhme beartais an Aontais sna sála air sin idir 2014-2017 a bhí bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais maidir leis an gcoireacht, a chomhaontaigh an Chomhairle ar an 6-7 Meitheamh 2013[2],

AG LÉIRIÚ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na bearta atá glactha ag na Ballstáit in éineacht le gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile chun timthriallta beartais an Aontais do 2012-2013 agus do 2014-2017 a chur chun feidhme, go háirithe laistigh de chreat na bpleananna gníomhaíochta oibríochtúla (OAPanna), atá tar éis cur leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil timthriall beartais an Aontais níos oibríochtúla ná mar a bhí, rud a fhágann gur féidir díriú ar na príomhbhagairtí atá os comhair an Aontais ar bhealach comhordaithe, struchtúrach,

AG CUR LEIS an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme thimthriall beartais an Aontais, taithí ar baineadh leas aisti i bhforbairt thimthriall beartais nua an Aontais don tréimhse 2018-2021[3], a chomhaontaigh an Chomhairle ar an 27 Márta 2017,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil ar an gComhairle, i gcomhréir le modheolaíocht thimthriall beartais an Aontais, tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht a shainaithint ar mhaithe leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí,

---

[1] 11050/11
[2] 12095/13
[3] 7704/17

AG LÉIRIÚ a thábhachtaí atá sé líon teoranta tosaíochtaí de chuid an Aontais a leagan síos i dtaca leis an gcoireacht ar féidir, go réalaíoch, iad a chur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ar bhonn pleananna gníomhaíochta oibríochtúla bliantúla i gcomhréir leis na pleananna straitéiseacha ilbhliantúla a comhaontaíodh,

AG IARRAIDH ar na Ballstáit, ar na hinstitiúidí agus ar na gníomhaireachtaí gealltanas gníomhach a thabhairt chun a áirithiú go gcuirfear timthriall beartais an Aontais chun feidhme go hoibríochtúil, rud a mbeidh acmhainní leordhóthanacha daonnúla agus airgeadais, feasacht agus aitheantas de dhíth chuige. Ionas go ndéanfar na pleananna straitéiseacha ilbhliantúla agus na pleananna gníomhaíochta oibríochtúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme caithfidh saineolaithe a dtugtar cumhacht leordhóthanach dóibh a bheith rannpháirteach,

AG IARRAIDH ar na gníomhaithe uile, i gcás inar iomchuí, ról tiománaithe, comhthiománaithe agus ceannairí gníomhaíochta a ghlacadh chucu féin i ndáil le tosaíochtaí éagsúla an Aontais faoi seach maidir le coireacht,

AG LÉIRIÚ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na bearta a ghlac Europol, Frontex, Eurojust agus Cepol chun tacú leis an timthriall beartais a chur chun feidhme,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil méadú ag teacht ar chineál trasghearrthach na coireachta agus gur gá an comhar a neartú ar leibhéal na dtosaíochtaí éagsúla,

AG CUR I dTREIS nach mór do na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear údaráis ábhartha forfheidhmithe dlí na mBallstát, údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin na mBallstát agus institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais oibriú i ndlúthchomhar lena chéile chun go gcuirfear chun feidhme tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht, agus ar an gcaoi sin go n-áiritheofar cur chuige ildisciplíneach, ilghníomhaireachta. Tá an dea-chomhar idir póilíní, gardaí teorann, lucht custaim, údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin, agus le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais ríthábhachtach i ndáil leis an méid sin,

AG LÉIRIÚ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an bhaint a bhí ag páirtithe, nach páirtithe forfheidhmithe dlí iad, i gcuid mhaith de ghníomhaíochtaí oibríochtúla 2016, gur méadaíodh rannpháirteachas na bpáirtithe príobháideacha agus go raibh baint ag na húdaráis chustaim leo agus ag tabhairt dá haire nach mór na hiarrachtaí sin a neartú tuilleadh,

AG AITHINT go bhfuil ról tábhachtach ag comhordaitheoir náisiúnta EMPACT (NEC) i ndáil lena áirithiú go mbeidh na húdaráis náisiúnta ábhartha rannpháirteach i gcur chun feidhme na dtosaíochtaí maidir leis an gcoireacht agus i gcomhordú éifeachtach ar bhonn náisiúnta,

AG LÉIRIÚ a thábhachtaí atá an oiliúint agus an mhúscailt feasachta, sna Ballstáit agus in institiúidí agus gníomhaireachtaí AE, i dtaca le timthriall beartais an Aontais agus i dtaca le tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht, agus a thábhachtaí atá sé feasacht ar thimthriall beartais an Aontais a chur chun cinn i dtríú tíortha,

AG TABHAIRT AITHEANTAS don ghné sheachtrach den tslándáil inmheánach agus don tábhacht a bhaineann le dlús a chur faoin gcomhar le tríú tíortha, tíortha tábhachtacha tionscnaimh agus tíortha tábhachtacha idirthurais san áireamh i gcás na dtosaíochtaí coireachta éagsúla, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha maidir le cur chun feidhme oibríochtúil thimthriall beartais an Aontais, agus le feabhas a chur ar an gcomhar sin,

AG IARRAIDH ar na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as na cistí atá ar fáil, agus ag iarraidh ar gach gníomhaí atá rannpháirteach a áirithiú go gcuirfear cistiú leordhóthanach ar fáil go tráthúil ionas go dtacófar leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla agus gur féidir tús a chur leo ag céim luath,

AG ATHDHEARBHÚ gur cheart cothromaíocht a bhaint amach idir cosc a chur ar na bagairtí ón gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach do shlándáil inmheánach an Aontais agus dul i ngleic le hiarmhairtí na mbagairtí sin,

AG LÉIRIÚ GUR DÍOL SÁSAIMH DI anailís an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA AE)[4], a d'eisigh Europol ar an 9 Márta 2017, ina n-áirítear moltaí i dtaca le tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht i gcomhréir le gníomh 3 den timthriall beartais chomh maith le forbhreathnú ar réimsí tábhachtacha a bhféadfaí díriú orthu i margaí coireachta éagsúla,

---

[4] 6886/17, ADD 1 agus 2 (RESTREINT UE/EU RESTRICTED )

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go léiríonn SOCTA AE, go bhfuil breis agus 5,000 grúpa coireachta eagraithe (OCGanna), a oibríonn ar leibhéal idirnáisiúnta, faoi imscrúdú san Aontas faoi láthair agus go bhfuil na margaí coireachta ag éirí níos casta agus níos dinimiciúla de bharr grúpaí beaga agus fiontraithe coiriúla aonair a bheith ag teacht chun cinn i ngníomhaíochtaí coiriúla sonracha, go háirithe gníomhaíochtaí ar líne. Dá bhrí sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an trádáil ar líne in earraí agus seirbhísí aindleathacha, earraí góchumtha san áireamh, agus pleananna straitéiseacha ilbhliantúla agus pleananna gníomhaíochta oibríochtúla á bhforbairt do na tosaíochtaí éagsúla maidir le coireacht,

AGUS na tosaíochtaí agus na cúraimí Á dTABHAIRT DÁ hAIRE sa chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí agus a leag comhaltaí na Comhairle Eorpaí amach i ndoiciméid straitéiseacha, amhail Dearbhú Mhálta, i dtaobh gnéithe seachtracha a bhaineann leis an imirce: aghaidh a thabhairt ar bhealach na Meánmhara Láir, straitéis slándála inmheánaí athnuaite an Aontais Eorpaigh 2015-2020[5] agus na tuarascálacha cur chun feidhme ina dhiaidh sin[6], an clár oibre Eorpach maidir leis an tslándáil[7] agus an clár oibre Eorpach maidir leis an imirce[8], an clár oibre Eorpach maidir leis an tslándáil a bhfuil sé d'aidhm leis comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an bealach a réiteach le go mbeidh aontas slándála éifeachtach agus dílis ann[9], na tuarascálacha ar dhul chun cinn le go mbeidh aontas slándála éifeachtach dílis ann[10], straitéis agus plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le bainistiú rioscaí custam[11], an t-ochtú plean gníomhaíochta de chuid na Meithle um Chomhar Custaim don tréimhse 2016 agus 2017[12], straitéis chibearshlándála an Aontais Eorpaigh[13], an anailís riosca a rinne FRONTEX do 2017, pacáiste teorainneacha na hEorpa de chuid an Choimisiúin ón 15 Nollaig 2015, an plean gníomhaíochta maidir le gáinneáil aindleathach ar airm thine idir an tAontas agus réigiún na hEorpa thoir theas don tréimhse 2015-2019[14], an straitéis i ndiaidh 2016 maidir le gáinneáil ar dhaoine; na conclúidí ón gComhairle agus an plean gníomhaíochta maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le himscrúdú airgeadais[15], na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac[16], straitéis an Aontais maidir le drugaí 2013-2020[17] agus dréachtphlean gníomhaíochta an Aontais maidir le drugaí 2017-2020[18],

---

[5] 9798/15
[6] 15277/1/16 REV 1, 11001/1/16 REV 1, 9151/16, 14636/15
[7] 8293/15
[8] 8961/15
[9] 8128/16
[10] 13442/16, 14617/16, 15808/16, 5775/17, 6928/17, 8339/17
[11] 12644/14 + ADD 1, 15403/14
[12] 13749/3/15 REV 3
[13] 6225/13
[14] 15516/14
[15] 8777/16
[16] 15412/16
[17] 17547/12
[18] 7379/17 + ADD 1

AG CUR I dTREIS go gcaithfidh na gníomhaíochtaí chun na doiciméid straitéiseacha thuasluaite a chur chun feidhme agus na tosaíochtaí atá ag an gComhairle faoi láthair a bheith i gcomhréir le chéile,

AGUS Í Á THABHAIRT DÁ hAIRE go gcaithfidh na gníomhaithe uile lena mbaineann cion beag solúbthachta a choimeád chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí gan choinne nó ar bhagairtí ar shlándáil inmheánach an Aontais atá ag teacht chun cinn,

AG CUR I bhFIOS gur cheart bagairtí a eascraíonn as naisc a d'fhéadfadh a bheith idir an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a mheas, go háirithe i dtaobh gáinneáil ar airm thine, táirgeadh doiciméad góchumtha, agus i dtaobh gníomhaíochtaí coiriúla eile chomh maith leis sin a ndéantar brabúis choiriúla astu,

LEAGANN SÍ AMACH NA TOSAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS, gan aon ord ar leith a bheith orthu, don chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí idir 2018 agus 2021:

*1) Dul i ngleic le cibearchoireacht, (1) trí chur isteach ar na gníomhaíochtaí coiriúla a bhaineann le hionsaithe i gcoinne córais faisnéise, go háirithe na cinn sin a leanann samhail ghnó na coireachta mar sheirbhís, agus ar áisitheoirí iad don choireacht ar líne, (2) trí dhul i ngleic le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, táirgeadh agus scaipeadh ábhar i leith mí-úsáid leanaí san áireamh, agus (3) trí dhíriú ar choirpigh a bhfuil baint acu le calaois agus góchumadh ar mheáin íocaíochta neamhairgid, calaois mhórscála ar chártaí íocaíochta san áireamh (go háirithe calaois ar chian-idirbhearta), bagairtí a thagann chun cinn ar mheáin íocaíochta neamhairgid eile, ar áisitheoirí iad do ghníomhaíochtaí coiriúla.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí mheán trí cinn de phleananna gníomhaíochta oibríochtúla: (1) Ionsaithe i gcoinne córais faisnéise, (2) Teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus (3) Calaois ar íocaíochtaí neamhairgid. Ba cheart an taithí a fuarthas ó thosaíocht na cibearchoireachta sa timthriall beartais roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí.

*2) (1) Cur isteach ar ghníomhaíochtaí grúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le gáinneáil mhórdhíola ar channabas, ar chócaon agus ar hearóin chuig an Aontas, (2) dul i ngleic le líonraí coiriúla a bhfuil baint acu le gáinneáil agus dáileadh cineálacha iomadúla drugaí ar mhargaí an Aontais agus (3) táirgeadh drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua a laghdú san Aontas agus grúpaí coireachta eagraithe, a bhfuil baint acu le táirgeadh, gáinneáil agus dáileadh an chéanna, a dhúnadh.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí dhá phlean gníomhaíochta oibríochtúla: (1) Cannabas, cócaon, hearóin agus (2) substaintí sícighníomhacha nua agus drugaí sintéiseacha.

Ba cheart an taithí a fuarthas ó na tosaíochtaí ar chócaon, ar hearóin agus ar dhrugaí sintéiseacha sa timthriall beartais roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí.

*3) Cur isteach ar ghrúpaí coireachta eagraithe a éascaíonn an inimirce neamhrialta trí sheirbhísí éascaíochta a sholáthar d'imircigh neamhrialta feadh na bpríomhbhealaí imirce ar theorainn sheachtrach an Aontais agus laistigh den Aontas, agus aghaidh ar leith á tabhairt ar na grúpaí sin a chuireann beatha daoine i mbaol de dheasca na modhanna atá acu, na grúpaí sin a chuireann seirbhísí ar fáil ar líne agus a bhaineann leas as calaois doiciméad mar chuid den tsamhail ghnó atá acu.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibríochtúil amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas ó thosaíocht na hinimirce neamhrialta sa timthriall beartais roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí.

*4) An choireacht mhaoine eagraithe a chomhrac trí dhíriú ar chur isteach ar ghrúpaí coireachta eagraithe ardtaistil a dhéanann gadaíocht agus buirgléireacht eagraithe ar fud an Aontais. Orthu sin, ba cheart grúpaí coireachta eagraithe a áireamh – grúpaí a úsáideann teicneolaíochtaí nua nó frithbhearta feabhsaithe trína dtagtar i dtír ar uirlisí faireachais trasteorann a bhfuil easpa idir-inoibritheachta orthu.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibríochtúil amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas ó thosaíocht na coireachta maoine eagraithe sa timthriall beartais roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí.

*5) Dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine san Aontas do gach cineál teacht i dtír, teacht i dtír gnéasach agus teacht i dtír ar lucht saothair san áireamh, mar aon le gach cineál gáinneála ar leanaí.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibríochtúil amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas ó thosaíocht na gáinneála ar dhaoine sa timthriall beartais roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí.

*6) Cur isteach ar acmhainneacht grúpaí coireachta eagraithe agus speisialtóirí a bhfuil baint acu le calaois mháil agus calaois an trádálaí ar iarraidh (MTIC) laistigh den Chomhphobal.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí dhá phlean gníomhaíochta oibríochtúla: Calaois mháil agus calaois MTIC laistigh den Chomhphobal. Ba cheart an taithí a fuarthas ón tosaíocht i dtaobh calaois mháil/calaois MTIC laistigh den Chomhphobal sa timthriall beartais roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí.

*7) Cur isteach ar ghrúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le gáinneáil, dáileadh agus úsáid aindleathach arm tine.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibríochtúil amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas mar gheall ar thosaíocht na n-arm tine sa timthriall beartais roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí.

*8) Cur isteach ar ghrúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu leis an gcoireacht chomhshaoil, go háirithe an gháinneáil ar an bhfiadhúlra agus an gháinneáil aindleathach ar dhramhaíl.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibríochtúil amháin.

*9) Airgeadas coiriúil agus sciúradh airgid a chomhrac agus aisghabháil sócmhainní a éascú d'fhonn brabúis choiriúla na ngrúpaí coireachta eagraithe a choigistiú ar bhealach éifeachtúil, go háirithe trí dhíriú ar shindeacáití sciúrtha airgid a bhfuil seirbhísí sciúrtha airgid á dtairiscint acu do ghrúpaí coireachta eagraithe eile agus ar na grúpaí coireachta eagraithe sin a bhfuil cuid mhór úsáide á baint acu as na bealaí nua íocaíochta atá ag teacht chun cinn leis na fáltais ó choireacht a sciúradh.*

Cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibríochtúil amháin. Chomh maith leis sin, cuirfear an tosaíocht sin chun feidhme mar íos-sprioc chothrománach choitianta straitéiseach trí phleananna straitéiseacha ilbhliantúla agus trí phleananna gníomhaíochta oibríochtúla do na tosaíochtaí coiriúla ábhartha eile uile. Tá sé ríthábhachtach nach ndéanfaí an obair chéanna faoi dhó agus go n-áiritheofaí an comhordú idir an plean gníomhaíochta oibríochtúil seo agus na pleananna gníomhaíochta oibríochtúla eile. Mar sin, ceapfar saincheannairí tiomnaithe gníomhaíochta le haghaidh gach tosaíochta leis an gcuspóir straitéiseach sna pleananna gníomhaíochta oibríochtúla éagsúla a chur chun feidhme.

Féadfar cuireadh a thabhairt do na saineolaithe i ndáil leis an bplean gníomhaíochta oibríochtúil seo, i gcás inarb ábhartha, freastal ar chruinniú maidir le pleananna gníomhaíochta oibríochtúla eile chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí trasna na bpleananna gníomhaíochta oibríochtúla. Eagróidh tiománaí an phlean gníomhaíochta oibríochtúil seo cruinnithe cothrománacha leis an gcur chuige a neartú i ngach plean gníomhaíochta oibríochtúil. Athbhreithneofar an mhodheolaíocht thuasluaite faoi fhómhar na bliana 2019 i gcomhthéacs an mheasúnaithe meántéarma a dhéanfaidh COSI.

*10) Calaois doiciméad san Aontas a chomhrac, trí dhíriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le doiciméid chalaoiseacha agus bhréagacha a tháirgeadh agus a sholáthar do choirpigh eile.*

Cuirfear an tosaíocht seo chun feidhme mar thosaíocht thrasghearrthach sa mháistircheardlann faoin bplean straitéiseach ilbhliantúil lena sainaithnítear na híos-spriocanna cothrománacha coitianta straitéiseacha agus trí na pleananna gníomhaíochta oibríochtúla do na tosaíochtaí ábhartha maidir le coireacht. Is féidir leis na saineolaithe ar chalaois doiciméad, i gcás inarb ábhartha, dul in éineacht leis na saineolaithe ar thráchtearraí le cur chun feidhme oibríochtúil na ngníomhaíochtaí a phlé. Caithfear ceannairí tiomnaithe gníomhaíochta a cheapadh le haghaidh na tosaíochta trasghearrthaí seo sna pleananna gníomhaíochta oibríochtúla éagsúla. Beidh na ceannairí gníomhaíochta mar chuid de shainghrúpa cothrománach a chomhordóidh na gníomhaíochtaí oibríochtúla sna pleananna gníomhaíochta oibríochtúla. Tiocfaidh an sainghrúpa cothrománach le chéile roimh na ceardlanna faoi na pleananna gníomhaíochta oibríochtúla le gníomhaíochtaí oibríochtúla a shainaithint agus cuirfear na gníomhaíochtaí sin isteach sna pleananna ábhartha gníomhaíochta oibríochtúla. Beidh an grúpa á threorú ag Ballstát ar bhonn saorálach agus tá Europol agus Frontex ag tacú leis an ngrúpa seo. Bunaithe ar an toradh a bheidh ar an athbhreithniú ar an modheolaíocht maidir leis an tosaíocht choireachta "airgeadas coiriúil, sciúradh airgid agus gnóthú sócmhainní" a dhéanfar faoi fhómhar na bliana 2019, cinnfidh COSI cibé acu ar cheart an mhodheolaíocht thuasluaite a chur i bhfeidhm maidir leis an tosaíocht choireachta "calaois doiciméad" atá ag an Aontas.

TUGANN SÍ TREOIR DO COSI, laistigh dá shainordú[19] agus mar a shonraítear i gconclúidí an 27 Márta 2017 ón gComhairle maidir le leanúint le timthriall beartais an Aontais i ndáil leis an gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach, cur chun feidhme na bpleananna straitéiseacha ilbhliantúla agus na bpleananna gníomhaíochta oibríochta bliantúla a chomhordú, tacaíocht a thabhairt dóibh, agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar mheasúnú meántéarma agus ar mheasúnú deiridh thorthaí na ngníomhaíochtaí chun gnóthú na spriocanna straitéiseacha a thomhas,

Ní mór do COSI an chomhsheasmhacht a áirithiú maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí oibríochtúla is gá chun an tslándáil inmheánach laistigh den Aontas a neartú, lena n-áirítear comhar éifeachtach idir na húdaráis ábhartha náisiúnta agus le gníomhaireachtaí an Aontais faoi seach. Ní mór do COSI idirchaidreamh a dhéanamh leis na comhlachtaí ábhartha ullmhúcháin de chuid na Comhairle freisin chun a áirithiú go ndéanfar cur chun feidhme na dtosaíochtaí coireachta a chomhordú i réimsí beartais eile, go háirithe i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais,

IARRANN sí ar chomhlachtaí ullmhúcháin uile na Comhairle, ag féachaint go cuí d'fhorálacha na gConarthaí, na tosaíochtaí sin a chur san áireamh ina réimsí beartais faoi seach,

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit, ar ghníomhaireachtaí CGB agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí breathnú ar na deiseanna maoiniúcháin ar fad chun tacú go héifeachtach leis na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh laistigh de thimthriall beartais an Aontais,

IARRANN SÍ ar na Ballstáit cineálacha cur chuige malartacha agus comhlántacha agus ionstraimí malartacha agus comhlántacha a úsáid go gníomhach chun an choireacht eagraithe thromchúiseach a chomhrac, i dteannta an chur chuige traidisiúnta atá bunaithe ar an gceartas coiriúil,

IARRANN SÍ ar Europol, i gcomhar leis na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, athbhreithniú meántéarma a ullmhú le linn 2019 ar bhagairtí nua, bagairtí atá i mbun athraithe agus bagairtí atá ag teacht chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar thosaíochtaí an Aontais maidir leis an gcoireacht, trí thuarascáil eatramhach a ullmhú agus í a chur faoi bhráid na Comhairle.

---

[19] IO L 52, 3.3.2010, lch. 50